



2020/2038(INI)

2.6.2020

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

maidir le Straitéis de chuid AE maidir leis an Turasóireacht Inbhuanaithe a
leagan síos
(2020/2038(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Marlene Mortler

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag cur in iúl gur geal léi gur bhunaigh an Coimisiún straitéis turasóireachta tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin chun stádas na hEorpa mar phríomhcheann scríbe turasóireachta an domhain agus an turasóireacht mar an tríú gníomhaíocht shocheacnamaíoch is mó a choinneáil; ag cur in iúl gur geal léi an clár oibre don turasóireacht Eorpach inbhuanaithe a tháinig ina dhiaidh sin, clár oibre ina meabhraítear go n-infheistíonn ceantair thuaithe sa turasóireacht chun a ngeilleagar a éagsúlú agus a mbreisluach a mhéadú;
2. á chur i bhfáth go rannchuidíonn an agrathurasóireacht go mór leis an ngeilleagar tuaithe, gur foinse bhreise thábhachtach ioncaim í do chuid mhór feirmeacha agus go gcuireann sí raon leathan deiseanna ar fáil chun tarraingteacht na gceantar tuaithe a chaomhnú agus chun poist a chruthú;
3. ag tabhairt dá haire go bhfágann na próisis táirgthe agus an raon leathan seirbhísí leasa choitinn a chuireann an talmhaíocht ar fáil, mar aon leis an éagsúlacht a bhaineann le gníomhaíochtaí agus saoráidí áirithe, gur áiteanna iad na feirmeacha ar féidir le daoine de gach aois eolas a chur ar an bhfeirmeoireacht an athair agus taithí dhíreach a fháil uirthi agus tuiscint níos fearr a fháil ar na freagrachtaí a bhaineann le bheith ag déileáil le hainmhithe agus acmhainní nádúrtha;
4. den tuairim, tríd an táirgeadh, an phróiseáil agus an mhargaíocht áitiúil a chomhtháthú agus a nascadh leis an gcóiríocht do thurasóirí agus le hearnáil an ghastranómachais, go ndéantar oidhreacht chultúrtha agus nósanna na hEorpa, mar aon leis na traidisiúin áitiúla agus an cultúr bia áitiúil, a chur chun cinn mar eispéireas ar leith;
5. ag tabhairt dá haire, le cistí CETFT agus le bearta faoin gclár LEADER, gur féidir tacú leis an inrochtaineacht agus leis an ngá atá ann an t-iomaíochas a mhéadú ar mhaithe le straitéisí forbartha áitiúla atá spriocdhírthe a chur chun cinn agus borradh a chur faoi chineálacha nuálacha cur chuige a bhfuil dlúthbhaint acu le pobail tuaithe agus a rannchuidíonn leis an turasóireacht inbhuanaithe.